


# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2013 - 2014

BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN
MIC
MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

www.mic.ul.ie


תהו
ובהו

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Uachtaráin | 2 |
| Réamhrá an Chathaoirligh | 3 |
| Rialachas | 4 |
| Tírdhreach Seachtrach | 6 |
| Forbairt an Champais | 7 |
| Buaicphointí | 9 |
| • Cláir | 9 |
| • Tionscadail & Gníomhaíochtaí | 10 |
| • Gradaim | 13 |
| • Obair Idirnáisiúnta | 14 |
| • Comhdhálacha | 15 |
| • Rannpháirtíocht agus Cultúr an Phobail | 17 |
| • Spórt | 19 |
| • Searmanais Bhronnta | 20 |
| Uimhreacha Céime | 22 |
| Líon na Mac Léinn | 23 |
| Úsáid Fuinnimh | 24 |
| Cairt Eagrúcháin | 25 |
| Cuntais | 26 |






# Réamhrá

an Ollaimh
Michael A Hayes,
**Uachtarán**



Réamhrá

Fáilte go dtí Tuarascáil Bhliantúil 2013-2014 do Choláiste Mhuire gan Smál.

Bliain thar a bheith gnóthach agus táirgiúil do Choláiste Mhuire gan Smál ab ea 2013-2014. Cé go raibh na dúshláin ghéara romhainn le tamall anuas, d'éirigh linn ár bhfís shonraithe a bhaint amach maidir le seasamh an Choláiste sa tírdhreach ardoideachais nua. Tá sé seo déanta againn i gcomhpháirtíocht iomlán leis an ÚAO agus lenár gcomhpháirtithe i gCuibhre-annas na Sionainne, OL agus ITL, agus ag an am céanna ag soláthar do thodhchaí an Choláiste mar institiúid neamhspleách agus uathrialaitheach. Tá forbairt iomlán le déanamh ar go leor tionscnaimh spreagúla, ach beidh dul chun cinn mór déanta againn inár soláthar acadúil, ach go háirithe, faoin am seo an bhliain seo chugainn agus táimid ag súil go mór leis an todhchaí.

Mar thoradh ar iarratas ón mBord Iontaobhaithe táthar tar éis Athbhreithniú neamhspleách ar Rialachas a chríochniú agus tá moltaí an chomhlachta comhairliúcháin neamhspleách, PricewaterhouseCoopers, curtha i bhfeidhm anois. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le hobair ár mbaill den Bhord Rialaithe agus Choiste Bainistíochta an Choláiste atá ag dul as oifig.

Ag teacht le hathbhreithniú ginearálta ar rialachas agus ar sheirbhísí ar fud an Choláiste, tá an Oifig Taighde agus an Oifig Iarchéime cónasctha anois agus an Scoil Taighde agus Iarchéime (RGS) mar thoradh ar seo - tá sé mar chúram na Scoile nua sraith iomlán seirbhísí a sholáthar ar mhaithe le forbairt a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do thaighde foirne agus do staidéir iarchéime laistigh de CMgS.

Rinneamar ceiliúradh ar chomóradh 21 bliain de bhunú ár gclár sna Dána níos luaithe i mbliana, rud a chiallaíonn gurb é an clár sna Dána is sine i Luimneach. Cuireadh tús leis an BA sna Dána i gCMgS i 1992 tar éis nasc a bhunú le hOllscoil Luimnigh. Is tréimhse fáis agus forbartha leanúnaigh iad an tréimhse ama sin.

Bhí an-áthas orainn ról chomh gníomhach a imirt i saol cultúrtha Luimnigh le linn do chathair Luimnigh a bheith ag feidhmiú ar an gcéad Chathair Chultúir Náisiúnta in Éirinn. Mar chuid dár gceiliúradh do 2014, chuir CMgS clár iontach de níos mó ná 50 imeacht cultúrtha ar fáil, ina measc bhí ár bpríomhchlár 'Bliain le Bíobla Naomh Eoin'. I rith an ama seo freisin, reachtáil CMgS dhá Chláir Ealaíontóra Chónaithe le Branar, Téatar do Pháistí agus cumadóir, Anne-Marie O'Farrell.

Sheolamar freisin An Institiúid Éireannach um Léann Caitliceach i mí na Nollag 2013. Lonnaithe i gCMgS, is pobal scoláirí tras-dáimhe, idirdhisciplíneach, taighde-dhírithe a bhí páirteach sa staidéar acadúil ar Chaitliceachas í an Institiúid Éireannach um Léann Caitliceach. Cuireadh tús le cláir nua éagsúla i mbliana freisin, ina measc bhí Cúrsa Rochtana Oideachais Múinteoirí do Fhoghlaimeoirí Lánfhásta; Teastas i bhFoghlaim Ghinearálta agus Forbairt Phearsanta, agus clár nua iarchéime, an M. Oid. san Oideachas LánGhaeilge. Fuair ár gclár nuálaíoch B.Oid san Oideachas agus sa tSíceolaíocht creidiúnú ón gComhairle Mhúin-teoireachta, le moladh ag teacht ón bpainéal don gclár toisc go bhfuil sé "soiléir agus cuimsitheach, bunaithe ar réasúnaíocht agus ar chreat coincheapúil dea-fhorbartha ina gcuirtear aidhmeanna agus torthaí foghlama in iúl go soiléir".


Tá tuilleadh eolais ar an méid thuas ar fad le fáil sa tuarascáil seo. Tá súil agam go mbainfidh tú idir taitneamh agus tairbhe as an méid atá sa tuarascáil seo agus sinn ag obair ar mhaithe le haidhmeanna agus le spriocanna ár bPlean Straitéiseach 2012-2016 a bhaint amach.

**An tOllamh Michael A Hayes**

Uachtarán

# Réamhrá

An tEaspag Brendan Leahy
**Cathaoirleach ar an mBord Rialaithe**



Réamhrá

Is mór an sásamh dom fáilte a chur romhat chuig Tuarascáil Bhliantúil CMgS 2013-2014 agus sinn ag comóradh leathphointe ár bPlean Straitéiseach 2012-2016, tar éis dúinn 71% de na spriocanna a bhí leagadh amach san do 2016 a bhaint amach.

Díríonn an Plean Straitéiseach ach go háirithe ar athrú dearfach a chur i bhfeidhm trí thaighde, trí thionscnaimh oideachais agus trí líonrú le páirtithe leasmhara, le linn tréimhse ama atá casta agus dúshlánach dóibh siúd atá ag saothrú sa tírdhreach ardoideachais. Mar is léir ó na leathanaigh sa tuarascáil seo táimid fós tiomanta go diongbháilte don misean seo.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil le gach duine a chuir leis an dul chun cinn nach beag agus leis an iliomaid éachtaí a baineadh amach le bliain anuas. Tá an t-ádh linn i gColáiste Mhuire gan Smál go bhfuil foireann againn a bhfuil ardleibhéal tiomantais iontu chun sármhaitheas acadúil a bhaint amach ar bhonn laethúil agus iad tiomanta chomh maith chun éiteas na comhpháirtíochta pobail agus an taithí ardchaighdeáin do mhic léinn atá mar shainmharc an choláiste seo a chur chun cinn.  Is mar gheall ar an tiomantas agus an díograis seo a leanfaidh Coláiste Mhuire Gan Smál ar aghaidh ag fás agus ag forbairt, ag imirt ról lárnach in oideachas tríú leibhéal in Éirinn atá níos éagsúla agus níos cuimsithí.

Tá sé de phribhléid agam, mar Chathaoirleach ar an mBord Rialaithe, an Tuarascáil Bhliantúil seo a mholadh.

**† Brendan Leahy**
Cathaoirleach ar an mBord Bord Rialaithe



# RIALACHAS



Rinne Pricewaterhouse Coopers Athbhreithniú neamh-spleách ar Rialachas an Choláiste in 2013. D'eascair moltaí éagsúla as an athbhreithniú seo, agus mar thoradh air deineadh an cinneadh na cinntí tábhachtacha seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- An scaradh idir Bord na nIontaobhaithe agus an Bord Rialaithe (An tÚdarás Rialaithe) a choimeád
- Líon na ballraíochta ar an Údarás Rialaithe a laghdú ar mhaithe le héifeachtúlacht a mhéadú agus a dheimhniú go ndéantar freagrachtaí rialachais agus bainistíochta a dheighilt
- Foireann bainistíochta shinsearach a bhunú, ar a dtugtar an Fhoireann Fheidhmiúcháin
- Athnuachan a dhéanamh ar bhallraíocht an Bhoird agus an Údaráis, mar aon le deiseanna rialta ionduchtúcháin agus oiliúna a sholáthair do na baill.

**AN BORD RIALAITHE**

Seo a leanas ballraíocht reatha an Bhoird Rialaithe don tréimhse oifige ag tosú i mí Dheireadh Fómhair 2013 ar feadh trí bliana:

An tEaspag Brendan Leahy (Cathaoirleach)
An tOllamh Michael A Hayes
An tOllamh Eugene Wall
John Coady, Uas.,
Caitríona Breathnach, Uas.,
Mairéad Horan, Uas.,
Catherine Kelly, Uas.,
Áine Lawlor, Uas.,
Declan Madden, Uas.,
An tAthair Ró-Oirmh. Tony Mullins
Conn Murray, Uas.,
Seán McMahon, Uas.,
Margaret O'Brien, Uas.,
An Dr. Nicholas O'Brien
An Breitheamh Tom O'Donnell, Uas.,
Fachtna O'Driscoll, Uas.,
An tSr. Michele O'Kelly
Eamon Stack, Uas.,
Johanna O'Brien, Uas.,*
Elaine O'Dwyer, Uas., *

**Ceaptar Uachtarán agus Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn mar Ionadaithe na Mac Léinn de réir Thoghcháin Bhliantúla Aontas na Mac Léinn.*

Chomh maith le hathchumrú an Bhoird Rialaithe, cheadaigh na hIontaobhaithe go gcruthófar ceithre choiste nua a thuairiscíonn go díreach don mBord Rialaithe, feidhmeoidh baill sheachtracha an Bhoird mar chathaoirligh ar na coistí úd.

Seo na Coistí atá i gceist:

- An Coiste Cáilíochta
- An Coiste Comhionannais
- An Coiste Airgeadais & Acmhainní
- An Coiste Iniúchóireachta & Riosca

**FOIREANN FHEIDHMIÚCHÁIN**

Feidhmíonn an Fhoireann Fheidhmiúcháin mar ghrúpa comhairleach don Uachtarán maidir le bainistíocht laethúil an Choláiste. Tá ballraíocht ag grúpa bainistíochta sinsearach an Choláiste ar an bhFoireann Fheidhmiúcháin, ceaptha go díreach ag an Uachtarán.

Ballraíocht:

- An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán
- An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla
- John Coady, Uas., Leas-Uachtarán Riaracháin & Airgeadais
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán
- An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde
- An tOllamh Gary O'Brien, Comh Leas-Uachtarán Riaracháin

Tháinig **AN BORD ACADÚIL – BA** le chéile seacht n-uaire le linn na bliana; pléadh agus aontaíodh go leor leor ceisteanna ag na cruinnithe seo.

Ballraíocht:

- An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán
- An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán Um Ghnóthaí Acadúla
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán
- An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde



- An tOllamh Gary O'Brien, Comh Leas-Uachtarán Riaracháin
- An Dr. Patrick Connolly, Cláraitheoir Cúnta
- An Dr. Sylvia O'Sullivan, Déan Cúnta an Oideachais
- An tOllamh Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime
- An Dr. Eugene O'Brien – Ceann Roinne, Teanga agus Litríocht an Bhéarla
- An Dr. Löic Guyon – Ceann Roinne, Roinn Léann na Fraincise
- Máire Ní Neachtain, Uas., – Ceann Roinn na Gaeilge
- An tOllamh Des McCafferty – Ceann Roinne, Tír Eolas
- An Dr. Christiane Schönfeld - Ceann Roinne Léann na Gearmáinise
- An Dr. Liam Chambers – Ceann Roinne, Stair
- Diarmuid O'Driscoll, Uas., – Ceann Roinne, Roinn na Matamaitice & Staidéar Ríomhaireachta
- An Dr. Rosemary Day – Ceann Roinne, Roinn na Meán & Cumarsáide
- An Dr. Gareth Cox – Ceann Roinne, Roinn an Cheoil
- An Dr. Niall Keane – Ceann Roinne, Roinn na Fealsúnachta
- An Dr. Veronica Cullinan - Ceann Roinne, Roinn na Síceolaíochta
- An tAthair Eamonn Conway, Ollamh – Ceann Roinne, Diagacht agus Staidéir na Reiligiúin
- An Dr. Michael Finneran - Ceann Roinne, Roinn na nEalaíon & an Chorpoideachais
- Seán de Brún, Uas., - Ceann Roinne, An Roinn Teanga, Litearthachta & Matoideachais
- An Dr. Carol O'Sullivan - Ceann Roinne, Roinn na Foghlama, Sochaí & Léann an Chreidimh
- An Dr. Emer Ring – Ceann Roinne, Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí & Léann na Luath-Óige
- An Dr. Patricia Daly – Ceann Roinne, Roinn an Oideachais Speisialta
- An Dr. Cathal de Paor - Stiúrthóir um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Eucharia McCarthy, Uas., - Stiúrthóir ar an Aonad Forbartha Curaclaim
- Neil Ó Conaill, Uas., - Stiúrthóir Socrúcháin Scoile
- An Dr. Anne O'Keeffe – Stiúrthóir ar an Ionad Teagaisc agus Foghlama
- Marie Ryan, Uas., - Comhordaitheoir an Chúrsa, B Oid san Oideachas agus sa tSíceolaíocht
- Gerardine Moloney, Uas., - Leabharlannaí
- An Dr. Eugene Duffy – Léachtóir, Diagacht agus Staidéir na Reiligiúin
- An Dr. Una Bromell – Léachtóir, Roinn na Staire
- Des Carswell, Uas., – Léachtóir, Cúram agus in Oideachas Luath-Óige
- Gwen Moore, Uas., – Léachtóir, Roinn an Cheoil
- Johanna O'Brien, Uas.,*
- Elaine O'Dwyer, Uas.,*
- Grainne Dwyer, Uas.,*

**Ceaptar Uachtarán, Leas-Uachtarán agus Oifigeach Iarchéime Aontas na Mac Léinn mar Ionadaithe na Mac Léinn de réir Thoghcháin Bhliantúla Aontas na Mac Léinn.*

**Grúpa Comhairleach um Phleanáil Straitéiseach**

Uair sa ráithe glaonn an tUachtarán cruinniú den nGrúpa Comhairleach um Phleanáil Straitéiseach ar a bhfuil ballraíocht níos leithne, bainisteoirí sinsearacha a ndéanann ionadaíocht ar son réimse freagrachtaí feidhmiúla laistigh den Choláiste ina measc. Is é cuspóir an ghrúpa seo ná chun comhairle a chur ar an Uachtarán faoi stádas chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh reatha (2012-16) trí na Pleananna Oibriúcháin Bliantúla (AOPanna), chomh maith le tacú leis an Uachtarán chun fís straitéiseach nua a mhúnlú don dtréimhse iar-2016.

Ballraíocht:

- An tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán
- An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán Um Ghnóthaí Acadúla
- John Coady, Uas., Leas-Uachtarán Riaracháin & Airgeadais
- An tOllamh Teresa O'Doherty, Déan an Oideachais
- An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde
- An tOllamh Gary O'Brien, Comh Leas-Uachtarán Riaracháin
- An tOllamh Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime
- An Dr. Anne O'Keeffe, Stiúrthóir Teagaisc agus Foghlama
- Ann-Marie Ryan, Uas., Bainisteoir Acmhainní Daonna (Feidhmeach)
- Michael Keane, Uas., Stiúrthóir an Airgeadais
- Kieran Pearse, Uas., Stiúrthóir TFC
- Gerardine Moloney, Uas., Leabharlannaí

# TÍRDHREACH SEACHTRACH



Aontaíodh Comhshocrú Feidhmíochta Misinbhunaithe CMgS/ÚAO 2012-2016 leis an ÚAO, inar tiomnaigh CMGS go mbainfear amach sraith spriocanna go dtí 2016. Tá gné institiúideach agus réigiúnach ag na spriocanna seo. Tá spriocanna CMgS leagtha amach i bPlean Oibriúcháin Bliantúil an Choláiste agus déantar monatóireacht ar fheidhmíocht na hInstitiúide ina gcomhthéacs siúd uair sa ráithe.

Mar thoradh ar riachtanas an Rialtais go gcruthaíonn an trí institiúid ardoideachais i Luimneach Braisle an Mheán Iarthair, cuireadh Meabhrán Tuisceana athbhreithnithe (ina raibh sonraí faoin gComhghuaillíocht Straitéiseach nua um Chuibhreannas na Sionainne) faoi bhráid an ÚAO agus glacadh leis. Tugann an Meabhrán Tuisceana cur síos ar an mbealach ina dhíreoidh Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Ollscoil Luimnigh ar an gComhghuaillíocht Straitéiseach ina ndéantar cur síos ar chomhoibriú, ar chomhordú agus ar fhorbairt feabhsaithe.

Leagann Meabhrán Tuisceana um Chuibhreannas na Sionainne, a síníodh i mí na Bealtaine, socruithe rialachais do bhraisle an Mheán-Iarthair. Tá Uachtaráin CMgS, Ollscoil agus ITL ar an nGrúpa Stiúrtha um Chuibhreannas na Sionainne agus tá sé faoi chathaoirleacht neamhspleách Tim O'Connor, Uas. Aithníonn pleananna straitéiseacha na dtrí institiúid go mbeidh láidriú na nasc atá eatarthu cheana mar cheann de na príomhchuspóirí.

Dhein na hUachtaráin an cinneadh gnéithe oibríochtúla na hoibre a thabhairt do Ghrúpa Forfheidhmithe um Chuibhreannas na Sionainne, atá faoi stiúir na Leas-Uachtaráin Acadúla agus na gCláraitheoirí mar aon le hionadaithe eile ó Fhoirne Bainistíochta Sinsearaí gach institiúid. I measc na hoibre a bheidh ar siúl ag an nGrúpa Forfheidhmithe tá maoirseacht ar chomhdheiseanna maoinithe, forbairt na hInstitiúide Náisiúnta um Staidéir i gCúrsaí Oideachais (NISE), mar fhreagra ar phríomh-mholadh ón bPainéal Athbhreithnithe Idirnáisiúnta um Oideachas Tosaigh Múinteoirí in Éirinn (2012), cruthú Scoil Chónaidhme Iarchéime, pleanáil acadúil réigiúnach agus forbairt ar chlár 'BA Luimnigh' sna Daonnachtaí le bheith seachadtha ag Dámh na nDán, CMgS agus Dámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Luimnigh.

I mí Lúnasa, do lorg an ÚAO aighneachtaí ó bhraislí réigiúnacha agus aighneachtaí maidir le costais a bhaineann le cumaisc atá á ndéanamh mar chuid den Straitéis Náisiúnta. Lorg an Grúpa Forfheidhmithe maoiniú faoin nglaoch chun tacú le bunú agus le forbairt na hInstitiúide Náisiúnta um Staidéir i gCúrsaí Oideachais (NISE). Cheap Grúpa Stiúrtha um Chuibhreannas na Sionainne Seán Burke, Uas., mar Chathaoirleach ar an Institiúid Náisiúnta um Staidéir i gCúrsaí Oideachais.


Emirates

# FORBAIRT AN CHAMPAIS










I rith an tsamhraidh, deineadh go leor oibre athchóirithe ar an bpríomhbhealach isteach sa Choláiste. Deineadh athchóiriú iomlán ar an bpríomhfháiltiú atá anois ina spás oscailte nua-aimseartha atá in oiriúint d'Instititiúid Ardleibhéil na hAoise seo. Anuas ar an limistéar fáiltithe oscailte feidhmíonn an spás mar limistéar taispeántais freisin.

I measc na dtionscadal athchóirithe eile a deineadh sa samhradh cuireadh feabhas ar bhonneagar fisiciúil na seomraí ranga, na n-oifigí agus na gconairí.

Tá Amharclann Chrann Teile, a rinne ceiliúradh ar a céad lá breithe i Meán Fómhair 2013, aitheanta anois mar an phríomhspás léirithe i réigiún na Mumhan. Chun cur leis an taithí amharclainne do na mílte pátrún a fhreastalaíonn ar an ionad seo go rialta, rinne Hugh Kelly Architects coimisiúnú ar spás fáiltithe oiriúnach. Le linn ghnáthuaireanta feidhmíonn an spás mar bhealach siúil idir hallaí léachta tá brainsí ó chrainn teile eitseáilte ar dhoras an théastair. San oíche déantar na heitseálacha ar éadan an bheáir a shoilsiú san oíche. I nDeireadh Fómhair bronnadh an dámhachtain Architecture Expo – Interior Design Award 2013 ar Hugh Kelly Architects as ucht a ndearadh.

I mí Feabhra 2014, d'fhill láithreoir TG4, Páidí Ó Lionáird, ar a alma mater, chun an Seomra Caidrimh nua-chóirithe a athoscailt. Bunaíodh an Seomra Caidrimh, atá suite i bhFoirgneamh na Leabharlainne, i nDeireadh Fómhair 2011. Feidhmíonn sé mar ionad 'buail isteach' le húsáid ag baill foirne agus ag mic léinn an Choláiste araon, le riail amháin ann - ní mór comhrá a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

# 2013-2014 BUAICPHOINTI

## CLÁIR



I mí Mheán Fómhair 2013, deineadh ceiliúradh ar 21 bliain ó cuireadh tús le Céim na nDán CMgS, an clár sna Dána is sine i Luimneach. Ag aon am ar leith, bíonn tuairim is 1,000 fochéimí sna Dána scaipthe thar tréimhse ama an chláir. Téann na naisc le hinstitiúidí comhpháirtíochta trasna na hEorpa go réimse leathan d'institiúidí agus níos faide i gcéin go dtí na Stáit Aontaithe, Ceanada, agus an Astráil le naisc nua á gcruthú sa tSín agus sa Chóiré. Ó cuireadh tús leis an gclár i 1992 tá os cionn 3,000 céimí tar éis tabhairt faoin gcéim seo agus aghaidh a thabhairt ar ghairmeacha rathúla sa teagasc, sna meáin, sa mhargaíocht agus sa chaidreamh poiblí, sna seirbhísí airgeadais, le comhlachtaí ealaíon, sna seirbhísí sóisialta, sa turasóireacht agus san earnáil phoiblí i measc gairmeacha eile. *I láthair ag an gceiliúradh bhí an tOllamh John Hayes, iar-Dhéan na nDán i gCMgS; Jack McCarthy, mac léinn nua sa chéad bhliain den BA; Sheila Deegan, Oifigeach Ealaíon Chathair Luimnigh agus céimí ón gcéad chlár BA i gCMgS; An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán i gCMgS; Rachel Godfrey, Oifig na nDán CMgS agus Kate Barry, mac léinn nua sa chéad bhliain den BA.*

Cuireadh tús leis an gCúrsa Rochtana Oideachais Múinteoirí do Fhoghlaimeoirí Lánfhásta, clár píolótach a thairiscíonn CMgS i gcomhar le Seirbhís Oideachais Aosaigh Choiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh i Meán Fómhair 2013. Tá an cúrsa deartha d'fhoghlaimeoirí lánfhásta ar mian leo áit a fháil ar chlár an B.Oid (Bunoideachas) sa Choláiste, ach nach bhfuil na híosriachtanais Ardteistiméireachta bainte amach acu.



I Meán Fómhair 2013, chuir CMgS tús le clár nua ar a dtugtar an Teastas i bhFoghlaim Ghinearálta agus i bhForbairt Phearsanta, is múnla oideachais chuimsitheach é atá saindeartha chun forbairt acadúil, shóisialta agus phearsanta foghlaimeoirí faoi mhíchumas intleachta a fheabhsú i suíomh oideachais príomhshrutha. Forbraíodh an Teastas i bhFoghlaim Ghinearálta agus i bhForbairt Phearsanta i gcomhar le roinnt príomhpháirtithe leasmhara ó réimse na hearnála sláinte, Bráithre na Carthanachta, Co an Chláir agus Enable Ireland, Luimneach agus tagann sé in áit an Chláir um Maireachtáil Chomhaimseartha. Fuair an Teastas i bhFoghlaim Ghinearálta agus i bhForbairt Phearsanta agus an Clár Comhpháirtíochta Cuimsithe creidiúnú i mí Dheireadh Fómhair trí FETAC ag Leibhéal 4.

Thug an Chomhairle Mhúinteoireachta creidiúnú do chlár CMgS B.Oid. san Oideachas agus sa Síceolaíocht. Thug tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe tacaíocht do chaighdeán ard an chláir, ag moladh bhainistíocht an Choláiste as ucht an tasc casta a bhaineann le clár a thógáil a ullmhóidh mic léinn do theagasc bunscoile agus, ag an am gcéanna, soláthróidh sé bonn don staidéar gairmiúil breise i réimse na síceolaíochta.

Seoladh clár nua iarchéime in 2013 freisin – an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge. Is é seo an chéad chlár hibrideach iarchéime i bPoblacht na hÉireann chun sraith chomhtháite de mhodúil a ionchorprú go speisialta do mhúinteoirí tumoideachais agus do dhaoine gairmiúla eile san oideachas trí mheán na Gaeilge.

## TIONSCADAIL & GNÍOMHAÍOCHTAÍ



### Cnocán San Labhrás

I mí Lúnasa 2013 láinseáladh Bunachar Sonraí Ar Líne Chlár Chnocán San Labhrás, bunachar sonraí inchuardaithe an 70,000 duine atá curtha ann. Chaith Roinn na Staire i gCMgS, i gcomhar le baill foirne ó Chartlann Chathair Luimnigh, dhá bhliain ag tras-scríobh na mílte taifead lámhscríofa, le hainm, aois, seoladh agus suíomh uaighe na ndaoine a adhlacadh ansin idir 1855 agus 2008 san áireamh. *Ó chlé go deas: Jacqui Hayes, Cartlannaí Chathair Luimnigh i gCartlann Chathair Luimnigh; John Hayes, Reiligí; An Dr Maura Cronin Roinn na Staire Choláiste Mhuire gan Smál agus Flan Haskett, Maoirseoir Reiligí, Reilig Chnocán San Labhrás. Láithreán Gréasáin: http://mountsaintlawrence.limerick.ie.*

### Comhpháirtíocht Eorpach

Roghnaíodh CMgS mar bhall de Chomhpháirtíocht Leonardo da Vinci a scrúdóidh úsáid na punainne chun inniúlacht a mheas i réimsí gairme éagsúla. Tá comhordú á dhéanamh ar an gComhpháirtíocht, dár teideal L'approche dossier comme mode d'évaluation des compétences (VALIDOSS) ag an Consortium de validation des compétences sa Bhruiséal. I measc na gcomhpháirtithe eile tá Ollscoil Fribourg, an tIonad um Oiliúint Ghairmiúil i mBarcelona agus an Aireacht Oideachais i Lucsamburg. Beidh an obair seo ábhartha d'oideachas múinteoirí don earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna agus d'úsáid chórais um aitheantas réamhfhoghlama.



### Sárthaispeántas Taighde CMgS

Thug Taispeántas Taighde CMgS, a reachtáileadh i Meán Fómhair 2013, deis do thaighdeoirí an Choláiste a gcuid oibre i dtaighde, i scoláireacht agus i gcruthaitheacht a phoibliú agus a cheiliúradh thar lá de chainteanna agus de chur i láthair. Chuir tríocha trí bhall a gcuid páipéar a chur i láthair le príomhóráidí ón Ollamh Mick Fuller, Ollscoil Plymouth; ón nDr Jennifer Brennan ó Chumann Ollscoileanna na hÉireann/Chomhairle Taighde na hÉireann agus ón nDr Dipti Pandya, iar-Stiúrthóir IRCHSS.

*Ó chlé go deas: An tOllamh Michael Breen, Déan na nDán, CMgS; An tOllamh Michael Healy, Comh Leas-Uachtarán Taighde, CMgS; An tOllamh Mick Fuller, University of Plymouth; An Dr. Dipti Pandya; Prof. Michael A Hayes, Uachtarán of CMGS agus An tOllamh Teresa O Doherty, Déan an Oideachais, CMgS.*

### 'Learning from Scratch'

Bhí an tionscadal comhpháirtíochta pobail 'Learning from Scratch' faoi stiúir Rory McGann mar chuid den Straitéis Náisiúnta Dhigiteach (DCENR, 2013) mar eiseamláir de dhea-chleachtas in oideachas agus i bhfoghlaim dhigiteach. Bhain an tionscadal, ina raibh 56 múinteoir réamhsheirbhíse agus níos mó ná 200 dalta bunscoile, úsáid as timpeallachtaí cláir cosúil le Scratch chun taithí a thabhairt do dhaltaí agus do mhúinteoirí réamhsheirbhíse ar mhaithe le scileanna comhoibrithe, cumarsáide, réasúnaíochta, smaointeoireachta anailísí agus fadhbréitigh a fhorbairt.

# 2013-2014 BUAICPHOINTI

**Seachtain na Matamaitice**

Mar chuid de Sheachtain na Matamaitice 2013, tháinig níos mó ná 240 páiste go campas CMgS ar an 15 Deireadh Fómhair do mhaidin spraíúil lán le gníomhaíochtaí matamaitice. Bhí an ócáid, a d'eagraigh comhaltaí dáimhe a mhúineann Oideachas na Matamaitice, ar cheann de na himeachtaí do Sheachtain na Matamaitice is mó sa tír a raibh páistí bunscoile páirteach inti. Bhí na páistí, a tháinig ó scoileanna Luimnigh agus an Chláir araon, ag plé le puzail mhatamaitice, le fadhbanna loighic, le cleasanna draíochta, le gníomhaíochtaí treodóireachta agus le raon tascanna fadhbréiteacha eile.



**An tSeachtain Eolaíochta**

Mar chuid den tSeachtain Eolaíochta, d'eagraigh agus reachtáil CMGS ceardlanna eolaíochta idirghníomhacha i mí na Samhna. Tá sé mar aidhm gach bliain ag Seachtain na hEolaíochta ábharthacht na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (STEM) inár saol laethúil a léiriú agus a chur chun cinn mar aon lena dtábhacht do thodhchaí ár sochaí agus ár ngeilleagar in Éirinn a léiriú. B'é téama na bliana seo ná 'Exploring the XTRAOrdinary'.



**An Institiúid Éireannach um Léann Caitliceach**

Tháinig An Institiúid Éireannach um Léann Caitliceach, pobal scoláirí tras-dáimhe, idirdhisciplíneach, taighde-dhírithe a bhí páirteach sa staidéar acadúil ar Chaitliceachas, ar an saol go hoifigiúil i mí na Nollag. Bunaithe i gCMgS, is é misean na hinstitiúide ná caipiteal sainiúil intleachtúil a fhorbairt trí staidéar a dhéanamh ar an traidisiún Caitliceach fada agus saibhir le déine scolártha agus le saoirse acadúil; chun dul i ngleic le ranníocaíocht intleachtúil an Chaitliceachais i ndíospóireachtaí fealsúnachta, diagachta agus sochaíocha, sa tsaol atá imithe agus sa lá atá inniu ann agus san am i láthair, mar aon le léiriú cruthanta den gcéadfacht Chaitliceach sna mínealaíona, sa litríocht, san ailtireacht agus sa cheol. *Sa phictiúr tá An tOllamh Michael Healy, Leas-Uachtarán Taighde, CMgS, leis an Dr Patricia Kieran, Léachtóir san Oideachas Reiligiúnach; Jessie Rogers, Léachtóir i nDiagacht & Staidéar Reiligiúnach agus an Dr Liam Chambers, Ceann Roinn na Staire, CMgS, ag seoladh na hInstitiúide Éireannach um Léann Caitliceach - pobal scoláirí tras-dáimhe, idirdhisciplíneach, taighde-dhírithe atá ag tabhairt faoi staidéar acadúil ar Chaitliceachas, atá lonnaithe sa Choláiste.*



**AN CLÁR FIONTRAÍ SÓISEARACH**

Leathnaíodh An Clár Fiontraí Sóisearach, ar cuireadh tús leis ar bhonn píolótach i scoileanna ó 2010 le 1,500 dalta bunscoile i gCiarraí agus i Luimneach, amach go dtí an tír ar fad in earrach na bliana 2014. Is é an tAonad Forbartha Curaclaim (CDU) i gCMgS agus an fiontraí Jerry Kennelly ó Tweak.com a chuireann an Clár Fiontraí Sóisearach ar fáil. Tá aon fhiontraí dhéag cláraithe chun an clár a mhaoiniú i 10 gcontae ina bhfuil comhordaitheoir ceaptha chun oibriú leis na scoileanna ina réigiún chun a chinntiú go reáchtáiltear an clár ar bhonn rathúil. Tá 4,000 dalta ag glacadh páirte sa chéad bhliain de chur i bhfeidhm náisiúnta an chláir seo.



**Dinnéar Ceiliúrtha**

I mí an Mhárta 2014, reachtáil Fondúireacht CMgS a chéad Dinnéar Foirmiúil. D'fhreastail os cionn 220 aoi ar an dinnéar agus ba é an tArd-Onórach Eamon Martin, Aoi Oinigh na hócáide, a labhair ar an oíche. Chuaigh fáltais ón ócáid mór le rá seo chun tacaíocht a thabhairt do chlár socrúcháin mac léinn thar lear an Choláiste i dtíortha atá i mbéal forbartha agus chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach an oideachais chuimsithigh do dhaoine fásta le deacrachtaí foghlama. Ceapadh Páidí Ó Lionáird, céimí CMgS agus láithreoir TG4, mar Chathaoirleach ar Bhord Fondúireachta CMgS níos déanaí sa bhliain. *Sa phictiúr ag Dinnéar Ceiliúrtha Fhondúireacht CMgS bhí an tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán CMgS; Jennifer Wall, an tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán Um Ghnóthaí Acadúla, CMgS; Maud Keane, Uas., agus Michael Keane, Stiúrthóir an Airgeadais, CMgS.*







**William Henry Harvey**

Nochtaigh William Henry Harvey Vukile Mdlalo, Chargé d'Affaires le hAmbasáid na hAfraice Theas, plaic i gCMgS atá tiomnaithe don luibheolaí clúiteach ón 19ú haois, William Henry Harvey (1811-1866). Rinne an ócáid, reachtáilte ag Roinn na Tíreolaíochta agus Roinn na Staire, CMgS i mí na Bealtaine, comóradh ar shaol agus ar shaothar Harvey, luibheolaí, fíceolaí agus córaseolaí, a rugadh ar 5 Feabhra 1811 sa Ghrianán — foirgneamh atá anois mar chuid de champas CMgS. Tá Harvey ar cheann de na fíce-olaithe mara is cáiliúla ar domhan, a dhein cur síos ar os cionn 750 speiceas agus ar níos mó ná 70 géine algaí. Bhí go leor poist aige le linn a ghairme, ina measc bhí post mar Chisteoir Coilíneach, mar Ard-Chuntasóir agus mar Chláraitheoir na nGníomhas ar Choilíneacht na Rinne idir 1835 agus 1842.

**LEGO**

Láinseáladh Stiúideo Nuálaíochta Oideachais LEGO i gCMgS i mí na Bealtaine. Faoi stiúir an Aonaid Forbartha Curaclaim (CDU) agus TFC/Foghlaim Dhigiteach i nDámh an Oideachais, CMgS, déanfar spás foghlama tiomnaithe ceannródaíoch a fhorbairt sa Choláiste mar chuid den tionscadal nuálaíoch seo. Mar thoradh ar an stiúideo seo cuirfear modúil nua faoi Oideachas LEGO ar fáil do mhic léinn sa dara bliain agus sa tríú bliain den B.Oid, a úsáidfidh an mhodheolaíocht teagaisc seo isteach sna scoileanna éagsúla ina mbeidh siad ag múineadh. Anuas ar sin déanfaidh an tionscadal iniúchadh ar an acmhainneacht a bhaineann le teicneolaíochtaí TFC a úsáid chun fadhbréiteach agus smaointeoireacht mhatamaitice a fhorbairt. Rinneadh an tionscadal a phíolótú go rathúil níos luaithe i mbliana nuair a threoraigh mic léinn reatha B.Oid 135 leanbh ó ocht mbunscoil i réigiún Luimnigh agus an Chláir, ar shocrúchán mar chuid de mhodúl roghnach in Oideachas LEGO, i sraith gníomhaíochtaí róbataic téama-bhunaithe ag baint úsáide as trealamh 'We-Do' LEGO.







*Ag Stiúideo Nuálaíochta Oideachais LEGO i gColáiste Mhuire gan Smál bhí An Dr. René Tristan Lydiksen, Stiúrthóir Bainistíochta 'LEGO Education Europe' le daltaí ó Scoil Naíonán Naomh Mhichíl, Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach; Leona Price, Calvin Ryan agus Conor Joyce.*

# 2013-2014 BUAICPHOINTI

## DÁMHACHTAINÍ

I rith na bliana 2013-14 bronnadh Scoláireacht Iarchéime Uachtaráin Choláiste Mhuire gan Smál ar 74 mac léinn don Bhliain Acadúil mar aitheantas dá ngaiscí acadúla. Tháinig Dámhachtain Scoláireachta an Uachtaráin ar an saol mar fhreagra ar Phlean Straitéiseach 2012-2016 an Choláiste agus, go háirithe, mar thoradh ar fhís CMgS maidir le daltaí fiúntacha a chumasú chun tabhairt faoi "deiseanna foghlama ardleibhéil agus taighde den chéad scoth" ag am ina bhfuil athrú, athnuachan agus athchóiriú nach bhfacthas roimhe seo á ndéanamh i réimse an oideachais in Éirinn. Is ionann an dámhachtain scoláireachta agus infheistíocht CMgS i bhforbairt ghairmiúil leanúnach na mac léinn trí chláir feabhais bunaithe i raon d'ábhair ag an leibhéal iarchéime.



Bronnadh an Ordre des Palmes Académiques (Ord na bPailmeacha Acadúla), Ord Niachais na Fraince don lucht acadúil agus d'fhigiúirí cultúrtha agus oideachais, ar an Dr.Loic Guyon, Ceann Roinn Léinn na Fraincise, CMgS. Ba é an tImpire Napoléon a chur tús leis an Ord ar mhaithe le honóir a thabhairt do dhaoine iomráiteacha in Ollscoil Pháras, bronnann Aireacht Oideachais na Fraince an tOrd sa lá atá inniu ann chun aitheantas a thabhairt do shaothar ar leith i réimse an oideachais nó an chultúir. Tá an Dr.Guyon ar dhuine de líon bheag daoine acadúla atá ag obair in Éirinn ar bronnadh an dámhachtain orthu agus tá sé ar dhuine de na hAcadóirí (Chevalier) is óige riamh san Ordre des Palmes Académiques.





Tugadh onóir do bhaill dáimhe CMgS, Claire Griffin agus An Dr.Gwen Moore as a sármhaitheas sa Teagasc agus san Fhoghlaim ag searmanas bliantúil um Ghradam Sármhaitheasa Chuibhreannas na Sionainne, a reachtáileadh i mí na Bealtaine.



Cuireadh an Dr.Sabine Egger, Léachtóir i Léann na Gearmáinise agus Comhchomhordaitheoir Ionad na hÉireann um Staidéar Trasnáisiúnta ar an ngearrliosta do Ghradam Ambasadóir na Bliana as comhdháil mhór idirnáisiúnta a thabhairt go Luimneach i mí na Bealtaine.



Bronnadh scoláireacht, a bhfuil tóir mhór air, ar Louise Travers (mac léinn B.Oid) chun tabhairt faoin gclár 'ACE Service Through Teaching' in Ollscoil Notre Dame sna Stáit Aontaithe. Is clár teagaisc agus seirbhíse é atá dhá bhliain ar fhaid, ina mbainfidh Louise amach Céim Mháistreachta san Oideachas ó Ollscoil Notre Dame mar thoradh ar, cuimsítear forbairt ghairmiúil, saol an phobail agus fás spioradálta sa chlár. Caithfidh sí dhá bhliain ag obair i scoil Chaitliceach i gcroílár Chicago, Illinois, SAM. Bhronn an Comhaontas um Oideachas Caitliceach (ACE) ag Notre Dame Indiana an scoláireacht, a bunaíodh i 1994 chun foireann d'oideachasóirí ardspreagtha agus tiomanta a fhorbairt ag an leibhéal iarchéime chun oibriú i scoileanna Caitliceacha. Sa phictiúr seo, tá Louise in éineacht le Nuinteas an Phápa, a Shoilse, An Sár-Oirmhinneach Charles Brown agus Maurice Harmon, Léachtóir in Oideachas Reiligiúnach ag CMgS.

## FORBAIRT AR OBAIR IDIRNÁISIÚNTA



Tháinig fás ar an Oifig Idirnáisiúnta le linn na tréimhse seo nuair a ceapadh Holly Cowman, Uas., mar Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta. Rinne Holly Cowman ionadaíocht ar son an Choláiste ar roinnt coistí agus fóram náisiúnta, Oideachas in Éirinn agus an Chomhairle do Mhic Léinn Idirnáisiúnta in Éirinn agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta ar nós NAFSA: Cumann na nOideoirí Idirnáisiúnta i St Louis, SAM, Cumann na gColáistí agus nOllscoileanna Caitliceacha (ACCU) i Washington DC agus Comhairle Idirnáisiúnta Ollscoileanna Naomh Tomás Acain (ICUSTA) sa bhFrainc.

*Sa phictiúr tá Holly Cowman in éineacht leis an tSr Marguerite O'Beirne, Leas-Uachtarán an Mhisin agus na Ministreachta, Uachtarán Rosalie Mirenda agus a fear céile Anthony Mirenda, iad ar aon ó Ollscoil Neumann, PA ag comhdháil ACCU.*

I mí Mheán Fómhair tháinig an chéad grúpa de mhic léinn 'staidéar thar lear' ó ollscoil chomhpháirtíochta go-dtí an Coláiste ar feadh seimeastair. An mhí dár gcionn reachtáileadh an chéad aonach faoi Staidéar sna Stáit Aontaithe i gCMgS agus bhí ionadaíocht ag na hinstitiúidí seo a leanas ag an ócáid: Ollscoil Mercy Gwynedd, Pennsylvania; Ollscoil De Sales, Pennsylvania; Ollscoil Loyola, Chicago; Ollscoil Stáit Frostburg, Maryland; Coláiste Le Moyne, Syracuse, Nua-Eabhrac; Ollscoil Neumann, Pennsylvania agus Ollscoil St Thomas, Houston, Texas.



Tháinig an chéad chohórt mac léinn faoi stiúr Scoil Bhéarla nuabhunaithe CMgS i mí Eanáir 2014. Ghlac níos mó ná 30 mac léinn ón mBrasaíl, a bhí chun glacadh le háiteanna in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh Meán Fómhair 2014 faoin tionscnamh 'Science Without Borders', páirt i gclár ullmhúcháin i dTeanga an Bhéarla a mhair ar feadh tréimhse ocht mí. Ba thús a bhí sa chúrsa seo le dlúth-chomhoibriú le foireann um Chaidrimh Idirnáisiúnta ITL faoin gComhaontú nua maidir le hidirnáisiúnú. Thug Ambasadóir na Brasaíle, Afonso Cordoso, agus a bhean Solange, cuairt ar CMgS i mí na Márta agus bhuaileadar leis na mic léinn úd. Cuireadh iarratas rathúil faoi bhráid Rialtas na Brasaíle agus an ÚAO ag iarradh orthu glacadh le mic léinn 'Science Without Borders' ar chláir na nDán CMgS. Mar thoradh air sin, d'éirigh le CMgS cúigear faighteoir scoláireachtaí dá chuid féin a mhealladh.

*Sa phictiúr tá Solange Escosteguy Cardoso, Uas., bean chéile Ambasadóir na Brasaíle i gColáiste Mhuire Gan Smál le roinnt de na mic léinn ón mBrasaíl ag staidéar ann faoi láthair mar chuid den gclár 'Eolaíocht gan Teorainneacha'.*



Le linn na tréimhse seo shínigh CMGS Meabhráin Chomhaontaithe leis na hollscoileanna seo a leanas i Stáit Aontaithe Mheiriceá: Ollscoil Gannon, PA; Ollscoil Niagara, NY; Ollscoil Neumann, PA; Ollscoil an Bhriathair Ionchollaithe (UIW), San Antonio, Texas; Coláiste Merrimack, MA; Ollscoil Mercy Gwynedd, PA; Coláiste Benedictine, KS agus Ollscoil West Chester, PA.

D'eagraigh an Oifig Idirnáisiúnta sainchláir samhraidh do ghrúpaí idirnáisiúnta, ina measc-siúd bhí grúpaí ó Ollscoil Louisville, Kentucky agus Ollscoil Naomh Thomáis, Houston, Texas i mí na Bealtaine agus Ollscoil Seton Hall i mí Iúil.


# 2013-2014 BUAICPHOINTI

## COMHDHÁLACHA & SEIMINEÁIR


Reachtáileadh roinnt comhdhálacha, seimineár agus léachtaí poiblí náisiúnta agus idirnáisiúnta i rith na bliana sa Choláiste, ina measc-siúd bhí:

- Comhdháil Uile-Éireann na dTaibh-ealaíon
- 'Beyond the Grave'
- 'Buzzing with Books'
- Sraith seimineár an Ionaid um Thaighde Staire (eagraithe gach bliain ag na Ranna Staire i gCMgS agus Ollscoil Luimnigh) leis an dtéama 'The Violent Past: History, Memory and Commemoration'
- Cónaidhm Seirbhísí Mac Léinn in Éirinn
- Comhráití sa Chuibhreannas
- 'Collegial Communities in Exile and Performing Identities'
- Sraith Léachta mar chuid de Sheachtain Feasachta um Oideachas Forbartha agus Idirchultúrtha
- Fóram Oideachais um Mhúinteoirí Breisoideachais
- Comhdháil Bhliantúil um Chomhaltas na gCumann Staire
- Comhdháil Idirnáisiúnta an Chumainn um Léann Gearmáinise Idirchultúrtha
- Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta um Mhodhanna Taighde












- An cúigiú siompóisiam taighde bliantúil de chuid Chiorcal Feiniméaneolaíoch na hÉireann (IPC)
- Siompóisiam Bliantúil Ionaid Thaighde Staidéar Corpais Feidhmeach Idir-Chineálach (IVACS)
- Seimineár Inscne agus Idirchreidmheach
- 'Learning for Life or Life for Learning? Exploring topical issues through a psychological lens'
- Comhdháil Staire agus Oidhreachta Luimnigh
- Sraith Léachta Chrann Teile: sraith léachta agus dhíospóireachta ina bpléitear gach gné de na taibh-ealaíona
- 'Limerick Soundscapes'

# 2013-2014BUAICPHOINTI

- 'Make it Stop: Violence against Women and Children in the Democratic Republic of the Congo'
- Sraith Seimineár Matamaitice an Fhómhair 2013-14
- Comhdháil Mac Amhlaoibh: 'Pope Francis - the Man and his Message'
- Sraith Léachta eagraithe ag Séiplíneacht CMgS & Roinn na Foghlama, Sochaí & Léann an Chreidimh
- CAINTEANNA MIC-ED: 'Watching the Horizon'
- 'Otherness and Evil' (eagraithe agus reachtáilte ag CMgS agus Scoil Deartha Luimnigh)
- 'Performing Identities: Embodying Knowledge' – Comhdháil Idirdhisciplíneach
- 'PsychFest 2014' (Collóiciam Taighde Síceolaíochta Fochéime CMgS)
- 'People and Place in Limerick at the turn of the 20th century – Mapping the 1901 Census'
- Siompóisiam Fealsúnachta agus Nihileachais
- Comhdháil Bhliantúil Síceolaíochta, Sláinte agus Leighis
- Seimineár Taighde sa Mheicnic Chandamach
- 'Space-Time Displacement and Cultural Translation in a World of Migration'
- Siompóisiam Eitice
- Sraith na Scoile Taighde & Iarchéime
- Mná i bhFealsúnacht an Oideachais
- 'Worship, Life and Celebration – Marking the Year of Limerick City of Culture' (Sraith Léachtaí Poiblí eagraithe ag an Roinn Diagachta agus Staidéir na Reiligiúin)








# 2013-2014 BUAICPHOINTI

## RANNPHÁIRTÍOCHT & CULTÚR SA PHOBAL



I mí Dheireadh Fómhair d'fhógair CMgS sonraí an iarrthóra rathúil, Andrew Jordan, a ghlac leis an gcéad Scoláireacht PhD de chuid Ghiniúint Cheoil Luimnigh (MGLC) ag an gColáiste, is é seo an chéad staidéar taighde dochtúireachta ar aon chlár um Ghiniúint Cheoil sa tír.

*Sa phictiúr tá Scoláire PhD Andrew Jordan in éineacht leis an Dr. Ailbhe Kenny, Léachtóir in Oideachas an Cheoil i gCMgS.*



I bhfómhar na bliana 2013, chuir CMgS agus Amharclann Chrann Teile fáilte roimh Bhranar, Téatar do Pháistí mar an chéad Ealaíontóir Cónaitheach Amharclainne. Is compántas amharclannaíochta é Branar, a bunaíodh i 2001, atá dírithe ar thais-peántais dhátheangacha d'ardchaighdeán a chur i láthair do lucht féachana óg. Le linn a thréimhse chónaithe trí bliana i gCMgS, beidh ról lárnach ag Branar i mbeocht a chur i saol ealaíonta agus cultúrtha CMgS trí chomhoibriú le léachtóirí ar chláir oideachais drámaíochta, trí cheardlanna 'buail-isteach' a sholáthar don bhfoireann agus do mhic léinn agus ceardlanna a éascú do bhaill de chumainn an Choláiste sa cheol, san amharc-ealaín agus sa scríbhneoireacht chruthaitheach chomh maith leis an drámaíocht agus san amharclannaíocht. Is é an tEalaíontóir Cónaitheach Amhar-clainne ag CMgS, le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon, an chéad cheann de thrí thréimhse chónaithe d'ealaíontóirí atá beartaithe don Choláiste.



I mí na Nollag, bhí os cionn 140 páiste ó Chór nua na bPáistí CMgS ag canadh amhráin ag coirmcheoil speisialta do na mic léinn i bhFoirgneamh Teamhair chun deireadh an tseimeastair a cheiliúradh. Is comhpháirtíocht nua spreagúil í Cór Na bPáistí CMgS idir Roinn na nEalaíon & an Chorpoideachais, an Tionscnamh um Chlaochlú an Oideachais trí Chomhphlé i gColáiste Mhuire gan Smál agus 'Music Generation', Cathair Luimnigh. Faoi stiúir An Dr.Ailbhe Kenny, is tionscnamh córúil pobail/coláiste é an cór agus tá 14 mac léinn ó CMgS ag obair go deonach leis an gcór agus is iad páistí ó rang a Trí agus rang a Ceathair ó cheithre scoil náisiúnta i gcathair Luimnigh atá ag canadh ann.




I mí na Nollag sheol CMgS a chlár iontach de bhreis is 50 imeacht cultúrtha éagsúla a bhí beartaithe ag an gColáiste mar chuid de thréimhse na cathrach mar an Chathair Náisiúnta Chultúir do 2014, ina measc bhí a phríomhchlár 'Bliain le Bíobla Naomh Eoin'. Chaith dhá imleabhar oidhreachta d'Eagrán Oidhreachta Bíobla Naomh Eoin (An Peintiteoch móide Soiscéil agus Achtanna). Tugtar Leabhar Cheanannais Mheiriceá ar an mBíobla, agus ba é an saothar seacht imleabhar an chéad Bíobla iomlán lámhscríofa ó cruthaíodh an preas clódóireachta. Thug CMgS cuireadh do pháistí bunscoile agus do pháistí meánscoile teacht go dtí an Coláiste i rith 2014 chun páirt a ghlacadh i gceardlanna éagsúla bunaithe ar an mBíobla, ina measc na gnéithe ealaíonta, eolaíochta agus reiligiúnacha a bhaineann leis na lámhscríbhinní; thug baill d'Ollscoil Naomh Eoin (Minnesota) léachtaí poiblí; chuir foireann CMgS agus ealaíon-tóirí áitiúla ceardlanna ealaíne agus peannaireachta; agus deineadh machnaimh ar na maisiúcháin i mBíobla Naomh Eoin freisin.

*Sa phictiúr ag seoladh na hócáide 'Bliain in éineacht le Bíobla Naomh Eoin 'i gColáiste Mhuire gan Smál (CMgS) bhí mic léinn rang a cúig ó Scoil Náisiúnta Thobar Phádraig, Luimneach.*

# 2013-2014 BUAICPHOINTI



D'fhreastail os cionn 50 páiste bunscoile ar cheardlanna ealaíon i gCMgS i mí na Nollag, bunaithe ar chur i láthair 'Twas the Night Before Christmas' le Branar, Téatar do Pháistí, Ealaíontóir Cónaitheach amharclainne i gCMgS.



I mí an Mheithimh, fógraíodh an dara Ealaíontóir Cónaithe nuair a ceapadh Anne-Marie O'Farrell, ealaíontóir a bhfuil duaiseanna buaite aici, mar Chumadóir Cónaithe sa Choláiste. Is iomaí gradam náisiúnta agus idirnáisiúnta a fuair Anne-Marie O'Farrell, as Baile Átha Cliath ó dhúchas di, dá cumadóireacht. Tá cumadóireacht cruthaithe aici sna meáin uirlise agus gutha, agus tá a cuid saothar le feiceáil ar na gráid ard-scrúdaithe ar shiollabais ardscoil cheoil ar fud an domhain. Cuirfidh an chónaitheacht seo, a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon, sceideal spreagúil ar fáil i rith na bliana seo chugainn de choimisiúin, de léirithe, de cheardlanna, de thionscadail agus de sheimineáir nua agus beidh mic léinn fhochéime agus iarchéime, leanaí, múinteoirí, ceoltóirí gairmiúla agus amaitéaracha mar aon le grúpaí pobail eile rannpháirteach ann.



Osclaíodh tionscadal nuálach, 'Particles or Waves', chomh maith i mí an Mheithimh mar chuid de chlár oifigiúil Chathair Chultúir Luimnigh. B'iad Anne-Marie Morrin agus Niall Quinn ó Choláiste Mhuire gan Smál, Maria Finucane ó Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh agus na healaíontóirí Cleary agus Connolly a tháinig suas leis an smaoineamh don tionscadal ilghnéitheach inar deineadh dhá scoil déag i Luimneach le sé chinn de na lánaí a mhaireann fós i Luimneach: Bogha an Bhoscaigh, Rae Phíc, Rae Todd, Lána San Agaistín, Lána Oifig an Phoist Lána Oifig an Phoist agus Lána Woolworth. Thug an tionscadal dúshlán dá lucht cruthaithe machnamh a dhéanamh ar an gceist seo a leanas: An bhfuil solas déanta as cáithníní nó an tonn é? Chuaigh gach scoil i mbun oibre - ag tarraingt, ag smaoineamh agus ag caint faoi sholas — agus iad ag déanamh taighde ar an lána a tugadh dóibh, a stair, na daoine, na háiteanna agus na gnóthaí a bhí ann tráth den tsaol. D'oibrigh múinteoirí faoi oiliúint i Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh le mic léinn sa chúrsa roghnach sna hamharc-ealaíona i gCMgS chun freagairtí a chruthú do na smaointe a chruthaigh na páistí scoile. Baineadh úsáid as na líníochtaí agus as an saothar ealaíne a d'eascair as an tionscadal sna híomhánna ildaite a shoilsíonn na lánaí roghnaithe.









# 2013-2014 BUAICPHOINTI

## SPÓIRT

Foireann Chéad Bhliana Peil na mBan CMgS Blitzchomórtas Sóisir.

Ghnóthaigh Peil na mBan CMgS Cluiche Ceannais B Chorn Uí Chinnéide (eagraithe ag Cumann Pheil na mBan na Mumhan).

Ghnóthaigh Foireann Peile na mBan CMgS Corn Giles don dara bliain i dtréimhse trí bliana.

Bhuaigh Foireann Sacair na bhFear CMgS Corn Uí Spealláin.











D'éirigh le Foireann Iománaíochta Sinsir CMgS dul chomh fada le Cluiche Ceannais Chorn Mhic Giobúin, ach fuair Coláiste na hOllscoile Corcaigh an ceann is fearr orthu. Reachtáil CMgS imeachtaí mar chuid de Chluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann don dara uair.

Bhí Naomi Carroll, mac léinn tríú bliana BA, mar chuid de scuad Haca na mBan Sinsearach na hÉireann a bhain amach an cluiche ceannais san Ilchomórtas Dúshlán na gCuradh 1.

Ba í Catriona Casey, a bhain céim amach i mí Dheireadh Fómhair, a bhain amach Curadh Liathróid Láimhe an Domhain 2013 agus Curadh Liathróid Láimhe (Singil & Dúbailte) Uile-Éireann 2013.

Bhí John Condon, a bhain céim amach i mí Dheireadh Fómhair, ina chaptaen ar fhoireann Iománaíochta CMgS a chuaigh chomh fada le cluiche ceannais Chorn Mhic Giobúin níos luaithe i mbliana agus bhí sé mar bhall d'Fhoireann bhuacach Chontae an Chláir a bhain amach Craobh Iomána na hÉireann 2013. Bhí Colm Galvin, mac léinn BA sa dara bliain, mar chuid d'Fhoireann Iománaíochta CMgS chomh maith le bheith mar bhall den bhFoireann Iománaíochta buacach faoi 21 agus mar bhall d'Fhoireann Iománaíochta Sinsearach an Chláir 2013.

Bronnadh Gradam an Uachtaráin ar iar-bhall foirne CMgS, Noreen Lynch, as an méid a rinne sí go deonach don gCumann Lúthchleas Gael. Ainmníodh í ag Comhairle Ardoideachas an CLG agus ag CLG na Mumhan as ucht a cuid oibre i bhforbairt na gCluichí Gaelacha ag an ardleibhéal ó luath sna seachtóidí ar aghaidh.

## SEARMANAIS BHRONNTA 2013

Ag Searmanais Bronnta 2013 bronnadh dámhachtainí acadúla ar nach mór 1,000 mac léinn, ó 24 contae agus 3 mhór-roinn thar an 23 chláir a reachtáiltear sa Choláiste. I mbliana, bronnadh gradam PhD ar 18 mac léinn - an líon is airde céimeanna dochtúireachta a bronnadh riamh i gCMgS.



Ina measc-siúd bhí An Dr Noel O'Connell ó Chontae Thiobraid Árann, an dara duine bodhar in Éirinn ar bronnadh PhD air (agus an chéad duine bodhar sa Choláiste) agus An Dr Dearbhla McCarthy ó Chontae Luimnigh a chláraigh leis an gColáiste ar dtús ar an mBonnchúrsa do Fhoghlaimeoirí Lánfhásta. Is fianaise iad An Dr. O'Connell agus An Dr. McCarthy araon de ráiteas misin an Choláiste a deireann go gcuireann CMgS 'timpeal-lacht ar fáil ina mbeidh an tsaoirse agus an deis ag gach duine a gcumas iomlán a bhaint amach'.

Bliain ollmhór ab ea 2013 nuair a bronnadh Dámhachtain um Éacht ar Leith ar seachtar mac léinn. I measc na mbuaiteoirí bhí Catriona Casey (B.Oid) ó Chontae Chorcaí atá mar Churadh Uile-Éireann Liathróid Láimhe (Singil & Dúbailte) 2012 & 2013; Curadh Liathróid Láimhe (Singil & Dúbailte) USHA Collegiate 2012 & 2013 agus bhuaigh sí trí bhonn óir agus bonn airgid amháin ag Craobhchomórtais Liathróid Láimhe an Domhain 2012.

Bronnadh gradaim ar thriúr iománaithe contae iomráiteacha. I measc na mbuaiteoirí bhí beirt ó Fhoireann Sinsir Iománaíochta an Chláir a bhain amach Craobh Uile-Éireann 2013 - John Conlon (Dioplóma Iarchéime san Oideachas - Bunmhúinteoireacht) a bhí ina chaptaen ar fhoireann Iománaíochta CMgS a chuaigh chomh fada le cluiche ceannais Chorn Mhic Giobúin níos luaithe i mbliana agus Colm Galvin (mac léinn BA reatha), a bhí mar bhall d'fhoireann iománaíochta CMgS a d'imir i gcluiche ceannais Chorn Mhic Giobúin agus a bhí ar fhoireann buacach Faoi 21 agus ar Fhoireann Sinsir Iománaíochta an Chláir. Bronnadh gradam chomh maith ar Luke O'Farrell as Co. Chorcaí (Dioplóma Iarchéime san Oideachas - Bunmhúinteoireacht), ball d'fhoireann Iomá-naíochta Chorn Mhic Giobúin CMgS agus bhí sé ar fhoireann Sinsir Iománaíochta Chorcaí.

# 2013-2014 BUAICPHOINTI

Rinne Orla Finn (mac léinn reatha B.Oid) agus Sarah Harrington (mac léinn reatha BA i gCúram agus in Oideachas Luath-Óige), ó Chorcaigh araon, ionadaíocht láidir ar son spóirt CLG na mBan. Tá trí bhonn Uile-Éireann (Peil na mBan) ag Orla le foireann Chorcaí i 2011, 2012 agus 2013 agus bhí Sarah ina ball den fhoireann peile a bhuaigh Craobh Chlub Sinsearach na hÉireann i 2010 chomh maith le dhá Bhonn Uile-Éireann le Corcaigh i 2012 agus 2013. Fuair Ailbhe Costello ó Chontae na Gaillimhe (B.Oid. san Oideachas & sa tSíceolaíocht) aitheantas tar éis di an chéad duais a bhaint amach do Chur i Láthair ó Bhéal fhochéime ag an 35ú Comhdháil Bhliantúil na Mac Léinn Síceolaíochta níos luaithe i mbliana, agus tugadh Ardmholadh di ag na Dámhachtainí Fochéime 2013 agus bhain sí amach Dámhachtain Carlisle & Blake ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Ag searmanais na bliana seo bhí an chéad chohórt den Teastas i gCúram agus in Oideachas Uileghabhálach ag Leibhéal 6 - an chéad chúrsa sa tír atá tiomnaithe ar chleachtas cuimsitheach oideachais speisialta sna luathbhlianta.











## UIMHREACHA AG AN MBRONNADH CÉIME 2013

| CÚRSA | LÍON NA GCÉIMITHE |
| --- | --- |
| Baitsiléir sna Dána | 224 |
| Baitsiléir san Oideachas | 423 |
| Baitsiléir san Oideachas san Oideachas agus sa tSíceolaíocht | 32 |
| Baitsiléir i gCúram agus in Oideachas Luath-Óige | 57 |
| Máistir sna Dána i gCeannaireacht Chríostaí | 1 |
| Máistir sna Dána i dTeanga agus i Litríocht an Nua-Bhéarla | 6 |
| Máistir sna Dána | 4 |
| Máistir sna Dána sa Stair | 8 |
| Máistir sna Dána i Staidéar ar na Meáin | 1 |
| Máistir sna Dána i bhFealsúnacht agus i Litríocht | 2 |
| Máistir sna Dána sa Léann Diagachta | 4 |
| Máistir sna Dána – Taighde agus Tráchtas | 13 |
| Máistir sna Dána in Oideachas an Cheoil | 2 |
| Máistir san Oideachas | 17 |
| Máistir san Oideachas san Aos Oideachas agus sa Bhreisoideachas | 1 |
| Máistir san Oideachas i dTeicneolaíocht Faisnéise sa Bhunoideachas | 5 |
| Máistir san Oideachas i Riachtanais Speisialta Oideachais | 2 |
| Máistir san Oideachas – Taighde agus Tráchtas | 2 |
| Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais | 49 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) | 73 |
| Dioplóma Iarchéime i dTeicneolaíocht Faisnéise sa Bhunoideachas | 11 |
| Dioplóma Iarchéime i Léann Gairmiúil san Oideachas | 5 |
| Dioplóma Iarchéime san Aos Oideachas agus sa Bhreisoideachas | 11 |
| Dioplóma Iarchéime i Léann Gairmiúil san Oideachas | 5 |
| Teastas i gCúram agus in Oideachas Uileghabhálach | 27 |
| Dochtúir Fealsúnachta (Na Dána) | 15 |
| Dochtúir Fealsúnachta (Oideachas) | 3 |
| | |
| Líon Iomlán na gCéimithe | 1,003 |

# UIMHREACHA NA MAC LÉINN DON MBLIAIN ACADÚIL 2013-14

| Saghas | Lán-aimseartha | Páirt-aimseartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Teastas | | | |
| Fochéime | 0 | 101 | 101 |
| Céim Onóracha (L8) | 2511 | 0 | 2511 |
| Líon Iomlán Fochéimithe | 2511 | 101 | 2612 |
| Teastas | | | |
| Iarchéime | 0 | 11 | 11 |
| Dioplóma | 200 | 4 | 204 |
| Máistreacht Mhúinte | 61 | 100 | 161 |
| Máistreacht Taighde | 15 | 0 | 15 |
| PhD | 86 | 1 | 87 |
| Ócáideach | 0 | 0 | 0 |
| Cáilíocht Oiliúna Ghairmiúil | 0 | 0 | 0 |
| **Líon Iomlán Iarchéimithe** | **362** | **116** | **478** |

# fuinneamh




**Léargas ar Úsáid Fuinnimh i 2014**

Leis an ardú leanúnach atá ag teacht ar líon na mac léinn, na foirne, an spáis agus na n-imeachtaí agus leis an rath leanúnach atá ar Amharclann Chrann Teile, tá luach na foirne fuinnimh, mar aon lena gcóras um bhainistiú fuinnimh le feiscint agus tá úsáid fhoriomlán fuinnimh i gColáiste Mhuire gan Smál (CMgS) ag titim i gcónaí.

Le linn 2014, úsáideadh 6,087 uair meigeavata i gCMgS ina raibh:

- 2,026 Uair Meigeavata Aibhléise
- 4,057 Uair Meigeavata de Ghás Nádúrtha
- 4.5 Uair Meigeavata de Bhreosla Iompair (díosal

# CAIRT EAGRAÍOCHTA



# NA CUNTAIS

**Coláiste Mhuire gan Smál**
**Ollscoil Luimnigh**

## CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

| | Nóta | 2014<br>Euro | 2013<br>Euro |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais | 1 | 7,357,202 | 8,119,347 |
| Táillí na Mac Léinn | 2 | 14,920,194 | 15,092,492 |
| Scaoileadh Ioncaim Iarchurtha | 8 | 28,454 | 1,939,504 |
| Ioncam Eile | 3 | 1,995,322 | 2,099,408 |
| Cláir Taighde agus Fhéinmhaoinithe | 8(c-d) | 2,651,376 | 2,740,565 |
| Maoiniú Neamh-Iarchurtha do Phinsin | 14(b) | 6,311,334 | 6,509,651 |
| **Ioncam Iomlán** | | 33,263,882 | 36,500,967 |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | 9 | 1,667,637 | 1,780,537 |
| | | 34,931,519 | 38,281,504 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Oibriúcháin | 4 | (25,864,620) | (25,754,504) |
| Costais Phinsin | 14(c) | (7,890,567) | (8,017,020) |
| Cláir Taighde agus Fhéinmhaoinithe | 8(c-d) | (2,651,376) | (2,740,565) |
| **Caiteachas Iomlán** | | **(36,406,563)** | **(36,512,089)** |
| **(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin don bhliain** | | **(1,475,044)** | **1,769,415** |
| **CÚLCHISTÍ** | | | |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste Forbartha | 10 | 10,850 | (476,889) |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste Cóiríochta | 11 | (78,596) | (184,337) |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste Forbartha Leabharlainne | 12 | (14,015) | (48,407) |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste Acadúil/Taighde | 13 | 73,022 | (1,873,886) |
| | | (8,739) | (2,583,519) |
| (Easnamh) iomlán don bhliain | | (1,483,783) | (814,104) |
| Barrachas Cúlchiste Carntha ar aghaidh | | | 4,197,620 |
| Barrachas Cúlchiste Carntha (arna thíolacadh) | | 2,088,194 | - |
| Tionchar ó athrú ar bheartas cuntasaíochta | 18 | 1,295,322 | |
| Barrachas Cúlchiste Carntha amhail an 30 Meán Fómhair 2014 | | 1,899,733 | 3,383,516 |

**Thar ceann An Údaráis Rialaithe**

**Michael Hayes**

An tOllamh Michael A Hayes
Uachtarán
Dáta: 7 Deireadh Fómhair 2015

**John Coady**

John Coady, Uasal
Leas-Uachtarán ar Riarachán & Airgeadas

BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL